Oifig an Ard-Aighne

Treoir maidir le Feidhmeanna agus Taifid na hOifige

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise

Alt 15 agus Alt 16
Leabhar Tagartha

Eagrán 2009

Saoráil Faisnéise

Freedom of Information

CLÁR

1.	**MISEAN OIFIG AN ARD-AIGHNE**	**4**
2.	**RÉAMHRÁ**	**5**
	2.1 Faisnéis atá ar Fáil go Tráthrialta	**6**
3.	**CUR SÍOS & FEIDHMEANNA**	**7**
	3.1 Abhcóide Comhairleach	**9**
	3.2 Dréachtóirí Parlaiminte don Rialtas	**11**
	3.3 Seirbhísí Riaracháin agus Tacaíochta ag Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean	**12**
	3.4 Príomh-Aturnae an Stáit	**12**
	3.5 Seirbhísí Riaracháin agus Tacaíochta ag Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit	**14**
	3.6 Seachadadh Seirbhíse	**15**
	3.7 Faisnéis atá ar Fáil	**15**
4.	**CEANGLAIS ALT 16**	**17**
5.	**ROCHTAIN AR FHAISNÉIS LAISTIGH DEN OIFIG**	**18**
	5.1 Iarratais faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise	**18**
	5.2 Cearta Athbhreithnithe agus Achomhairc	**19**
	5.3 Athbhreithniú Inmheánach	**20**
	5.4 Athbhreithniú leis an gCoimisinéir Faisnéise	**21**
6.	**TAILLÍ**	**22**
7.	**CINEÁLACHA TAIFEAD ATÁ I SEILBH na hOIFIGE**	**24**
FOSCRIBHINNÍ		**24 go 42**

FOSCRIBHINNÍ

Foscríbhinn 1 – Grúpaí na n-Abhcóidí Comhairleacha	**25**
Foscríbhinn 2 – Grúpaí na nDréachtóirí Parlaiminte	**27**
Foscríbhinn 3 - Rannáin Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit	**29**
Foscríbhinn 4 – Aonaid Riaracháin OPA	**35**
Foscríbhinn 5 – Aonaid Riaracháin CSSO	**38**
Foscríbhinn 6 – Eagrú na hOifige ar Shráid Mhuirfean	**40**
Foscríbhinn 7 - Eagrú Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit	**41**

1. MISEAN
OIFIG an ARD-AIGHNE

"… an caighdeán is airde seirbhísí dlí gairmiúla a sholáthar don Rialtas, Ranna agus Oifigí ar bhealach chomh eacnamaíoch agus chomh éifeachtúil is féidir."

2. RÉAMHRÁ

Bunaítar trí cheart reachtúla leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 1997:

- ceart dlíthiúil do gach duine chun rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh chomhlachtaí poiblí;
- ceart dlíthiúil do gach duine chun faisnéis oifigiúil a bhaineann leis nó léi a leasú i gcás ina bhfuil sé neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;
- ceart dlíthiúil chun cúiseanna a fháil ar chinntí a imríonn tionchar ar dhuine.

Dearbhaíonn an tAcht ceart bhaill an phobail chun rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil, a mhéid is féidir é, i gcomhréir le leas an phobail agus an ceart chun príobháideachta daoine aonair.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndéanann alt 46 (1) den Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 an fhoráil thíos:

> *"Níl feidhm ag an Acht seo maidir le -... (b) taifead a shealbhaíonn nó a chruthaigh an tArd-Aighne nó ... Oifig an Ard-Aighne ... (seachas taifead a bhaineann le riarachán ginearálta ceachtar de na hOifigí sin)".*

I bhfocail eile, is iad na taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige[3] seo amháin ar féidir iad a nochtadh faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise. Dá bhrí sin, ní leathnaíonn rochtain ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise amach, mar shampla, chun taifid a bhaineann le comhairle dlí nó stiúradh cásanna áirithe a chlúdach.

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisneise(Leasú) 2003 i bhfeidhm 11 Aibreán 2003. Tugann an tAcht seo roinnt leasaithe isteach a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis ón Oifig seo, eadhon an ceart chun

[3] Ar mhaithe le soiléireacht, cuireann tagairtí san fhoilseachán seo don "Oifig" Oifig an Ard-Aighne ina hiomláin in iúl .i. feidhm na Comhairle Dlíthiúla agus Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte leis an Rialtas (a bhfuil an dá cheann lonnaithe i dTithe an Rialtais, Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2) agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (a oibríonn ó Theach Osmond, Sráid na gCaorach Bheag, Baile Átha Cliath 8 agus 3-10, An tSeansaireacht, Lána na Seansaireachta, Baile Átha Cliath 2). Bíonn sé riachtanach uaireanta, tríd an Leabhar Tagartha seo, idirdhealú a dhéanamh idir feidhm na Comhairle Dlíthiúla agus Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte leis an Rialtas ar láimh amháin, dá dtagraítear mar Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean agus Seirbhís an Aturnae Stáit ar an láimh eile dá dtagraítear mar Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

achomharc a dhéanamh ar chinneadh a deir nach mbaineann taifead le riarachán ginearálta na hOifige (alt 34(1)(dd)) agus an tabhairt isteach táillí caighdeánacha ar iarratais airithe (alt 47(6A)).

Tá na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise ceaptha chun rochtain phoiblí a cheadú ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí NACH bhfuil ar fail go tráthrialta trí fhoinsí eile. Ta rochtain ar fhaisnéis faoi na hAchtanna faoi réir díolúintí áirithe agus tá nósanna imeachta sonracha agus teorainneacha ama ag baint léi.

Ullmhaíodh agus foilsíodh an Leabhar Tagartha seo de réir cheanglais ailt 15 agus 16 de na hAchtanna. Is é an cuspóir atá aige rochtain a éascú ar fhaisnéis oifigiúil atá i seilbh na hOifige seo trí chur síos a dhéanamh ar a struchtúr agus na feidhmeanna a mhionsonraíonn na seirbhísí a sholáthraimid agus conas is féidir leas a bhaint astu; faisnéis a sholáthar faoi na rangaithe taifead atá inár seilbh**;** agus faisnéis a thabhairt faoi conas iarratas a dhéanamh ar an Oifig agus conas achomharc a dhéanamh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, chomh maith leis na táillí inmhuirearaithe.

2.1 Faisnéis atá ar Fáil go Tráthrialta

Ó am go chéile cuireann an Oifig seo faisnéis ar fáil don phobal maidir lena feidhmeanna, gníomhaíochtaí agus scéimeanna. Beidh fáil leanúnach ar an bhfaisnéis sin go neamhfhoirmiúil gan aon ghá le húsáid a bhaint as na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Féadtar teacht ar fhaisnéis den sórt sin ar an láithreán gréasáin http://www.attorneygeneral.ie/.

3. CUR SÍOS & FEIDHMEANNA

Sainmhínítear ról an Ard-Aighne in Airteagal 30 den Bhunreacht mar "*comhairleoir don Rialtas maidir le hábhair dlí agus tuairim dlíthiúil"*. Féadtar teacht ar fheidhmeanna, cumhachtaí agus dualgais an Ard-Aighne sa Bhunreacht, i reachtaíocht (go príomha alt 6 den Acht um Airí agus Rúnaithe 1924), sa choinbhinsiún bunreachtúil agus i gcinntí breithiúnacha a seachadadh roimh bhunú an Stáit agus ina dhiaidh.
Déanann alt 16 (1) den Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 an fhoráil thíos:

Tá réimse leathan feidhmeanna ag an Ard-Aighne mar a leanas:

- Mar chomhairleoir dlí don rialtas, freastalaíonn an Ard-Aighne ar chruinnithe an rialtais. Tugann an Ard-Aighne comhairle don Rialtas ar na saincheisteanna uile institiúideacha agus dlíthiúla a thagann aníos maidir le cruinnithe an Rialtais nó acu.
- Tá freagracht ar an Ard-Aighne as beartas a dhréachtú a chomhlíonfaidh ceanglais beartas na n-Áirí. Mar aon le soláthar dréacht reachtaíocht a chinntiú, tugann sé comhairle freisin maidir le comhlíonadh reachtaíochta atá molta le forálacha an Bhunreachta, Choinbhinsiúin na hEorpa um Chearta Daonna, agus Dhlí an Aontais Eorpaigh.
- Déanann an tArd-Aighne ionadaíocht ar son an Stáit sna himeachtaí dlí uile a bhaineann leis an Stát.
- Is ionadaí an phobail é an tArd-Aighne in imeachtaí dlí uile a bhaineann le forfheidhmiú dlí agus le cearta poiblí a éileamh nó a chosaint (féach an láithreán gréasáin le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le caingne insteora).
- Cosnaíonn an tArd-Aighne bunreachtúlacht na mBillí a chuirtear faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí faoi Airteagal 26 den Bhunreacht.
- Tugann an tArd-Aighne comhairle maidir le heastáit eiséata.
- Tá feidhmeanna ag an Ard-Aighne maidir leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí faoin Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975.
- Tá feidhmeanna ag an Ard-Aighne maidir leis an gclár reachtach agus is ball é de Choiste Reachtaíochta an Rialtais.
- Cinnfidh an tArd-Aighne cibé an mbeidh feidhm ag Scéim an Ard-Aighne, ar Scéim lánroghnach í a bhaineann le cineálacha teoranta dlíthíochta lena mbaineann saoirse an duine (féach an láithreán gréasán le haghaidh tuilleadh sonraí) le dlíthíocht ar leith.

Áirítear le hOifig an Ard-Aighne Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtais agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Tá trí pháirt in Oifig an Ard-Aighne:

- Abhcóide Comhairleach (Comhairle Dhlíthiúil)
- Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (dréachtú reachtaíochta),
- Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit[4]

[4] CSSO ar seo amach

3.1 Abhcóide Comhairleach

Is é príomhdhualgas an Abhcóide Chomhairligh ná cúnamh a thabhairt don Ard-Aighne i bhfeidhmiú a chuid feidhmeanna agus dualgas. Tá taobh comhairleach na hOifige roinnte ina chúig shainghrúpa[5] a chlúdaíonn na speisialtachtaí dlí go léir. Tá gach Grúpa a bhfuil foireann tacaíochta cléireachais atá eolach ar obair an Ghrúpa aige comhdhéanta d'abhcóidí (Abhcóide Comhairleach) agus déanann sé sainfheidhmiú ar réimse de ghnéithe áirithe an dlí. Clúdaítear réimse leathan ábhar, ach baineann na gníomhaíochtaí féin le trí réimse feidhmiúcháin, eadhon:

(a) comhairle a sholáthar;
(b) dlíthíocht a stiúradh;
(c) comhairle a thabhairt ar shaincheisteanna dlíthiúla a thagann aníos agus reachtaíocht á dréachtú

3.1.2 Obair an Abhcóide Comhairligh

Tá ardleibhéal saineolais dlíthiúil laistigh den Oifig. Oibríonn an tAbhcóide Comhairleach i gcomhair le dlíodóirí Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte maidir le comhairle a thabhairt ar shaincheisteanna dlí a thagann chun cinn le linn dréachtú reachtaíochta agus le hOifig Phríomh-Aturnae an Stáit maidir le comhairle a thabhairt ar fheidhmiú na dlíthíochta agus cúrsaí dlí eile.

Tá réimse na hoibre comhairlí a dtugann an Oifig faoi an-leathan de ghnáth, agus áirítear leis dlí bunreachtúil, dlí riaracháin, an dlí Eorpach, dlí tráchtála, dlí idirnáisiúnta phoiblí agus dlí coiriúil - leoga, gach réimse den saothar dlí a bhféadfadh comhairle dlí a bheith ón Rialtas nó ó Roinn nó ó Oifig éigin ina leith. Féadfar iarratais ar chomhairle a fháil ón Rialtas ina iomlán, ó Airí, nó ó státseirbhísigh in Oifigí nó i Ranna Rialtais. Déantar iarratais ón Rialtas nó ó Airí do díreach chuig an Ard-Aighne de ghnáth. Cuirtear Abhcóide Comhairleach ar fáil de ghnáth chun cuidiú leis an Ard-Aighne i ndéileáil le hiarratas den sórt sin. Is ó státseirbhísigh i Ranna nó in Oifigí Rialtais ámh a thagann formhór na n-iarratas ar chomhairle. Tagann iarratais dá leithéid go díreach chuig an Oifig nó trí Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

3.1.3 Struchtúr

Tá Comhordaitheoir Grúpa arb Abhcóide Comhairleach Grád 1 é/í (chomhionann le Rúnaí Cúnta) ag gach ceann de na Sainghrúpaí. Tá freagracht ar gach Grúpa as réimsí oibre ar leith atá rangaithe le chéile ina

[5] Athraítear freagrachtaí na nGrúpaí ó an go h-an

gcatagóirí leathana. Tá idir fhreagrachtaí gairmiúla agus fhreagrachtaí bainistiúla ag na Comhordaitheoirí Grúpa. Tá foireann beirte tacaíochta shaintiomanta chléireach ag gach Grúpa Comhairleach, atá eolach ar ghnó an Ghrúpa.

Tá mionsonraí na nGrúpaí agus réimsí a bhfreagrachtaí leagtha amach in bhFoscríbhinn 1

3.1.4 Ionadaíocht Bhuan don Aontas Eorpach

Tá Abhcóide Comhairleach sannta ag an Oifig a bheidh le sannadh ar iasacht mar Chomhairleoir Dlíthiúil d'Ionadaíocht Bhuan na hÉireann don Aontas Eorpach sa Bhruiséil. Is ról ilchineálach é agus tá réimse leathan feidhmeanna agus dualgas ann.

Cuireann an tAbhcóide Dlí comhairle dlí ar fáil ar shaincheisteanna dlí a thagann chun cinn ar bhonn laethúil d'ionadaithe gach Roinn Rialtais ar ball iad den Ionadaíocht Bhuan. Mar thoradh ar rannpháirteachas an Chomhairleora Dlí in idirbheartaíochtaí tábhachtacha san AE, lena n-áirítear Leasú Conartha agus forbairtí suntasacha reachtaíochta eile, bíonn an tArd-Aighne ar an eolas go luath sa scéal nuair a lorgaítear a chomhairle ar shaincheisteanna suntasacha dlíthiúla an AE. Ta baint ag an ról le comhairle bhéil agus comhairle i scríbhinn, tuairimí agus mionteagasc ar chúrsaí dhlí na hEorpa, saincheisteanna bunreachtúla agus dlí na tíre a thagann chun cinn i gcomhthéacs bhallraíocht na hÉireann san Aontas. Éascaíonn an tseirbhís seo comhairle dlí a lorg agus a sholáthar i dtaca le tionscnaimh an Chomhphobail. Áirítear ar ghné taidhleoireachta an róil comhairliúchán forleathan, mionteagasc agus idirbheartaíochtaí laistigh den Chomhairle d'fhonn leasanna dlíthiúla an Stáit a chur chun cinn agus a chosaint.

3.1.5 Sannadh na n-Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht

Tá roinnt Abhcóidí Comhairleacha earcaithe, oilte laistigh den Oifig agus sannta ar iasacht chuig Ranna ainmnithe an Rialtais. Na prótacail atá aontaithe leis na Ranna i gceist, tá siad ceaptha chun an chumarsáid is fearr ar shaincheisteanna dlí idir na Ranna agus an Oifig a chinntiú. Tá an fhoireann soláthraí dulta i mbun oifige mar Chomhairleoirí Dlí sa Roinn Iompair, sa Roinn Sláinte agus Leanaí, sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta, agus Rialtais Áitiúil, Sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta, sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, sa Roinn Airgeadais, sa Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

3.2 Dréachtóirí Parlaiminte don Rialtas

Is éard atá in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtais (OPC) ná foireann de shaindlíodóirí ar tugadh Dréachtóirí Parlaiminte orthu a bhfuil leibhéal ard oiliúna acu i dtaca le reachtaíochta a dhréachtú. Is é gnó

an OPC ná seirbhís dréachtaithe reachtaíochta a chur ar fáil don Rialtas agus faisnéis a choinneáil faoin dul chun cinn atá á dhéanamh i dtaca le reachtaíocht a dhréachtú .

3.2.1 Obair

Is í príomhobair Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte ná Billí Rialtais a dhréachtú lena dtabhairt isteach i dTithe an Oireachtais agus reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú, de réir mar is cuí, do Ranna nó d'Oifigí Rialtais, lena n-áirítear ionstraimí a thrasnaíonn reachtaíocht an AE isteach go dlí na hÉireann faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972. Glacann Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte páirt ghníomhach i bhforbairt an bheartais um Rialachán Níos Fearr i gcomhar le Roinn an Taoisigh, agus áirítear léi athbhreithniú agus comhdhlúthú an dlí reachtúil i gcomhthéacs an Chláir Leasaithe Rialacháin.

3.2.2 Struchtúr

Is ceann an OPC é/í an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus, laistigh d'Oifig an Ard-Aighne, tá freagracht iomlán air as na seirbhísí dréachtaithe reachtacha a chuireann sí ar fáil.

Tá Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte eagraithe ina trí ghrúpa, agus freagracht ar gach ceann acu as seirbhísí dréachtaithe a chur ar fáil do Ranna agus d'Oifigí sonracha an Rialtais[6]. Tá Bainisteoir Grúpa (ar chomhchéim nach lú ná Rúnaí Cúnta) i mbun gach Grúpa. Ta freagracht ar an mBainisteoir Grúpa as seachadadh sheirbhísí dréachtaithe an OPC chuig na Ranna agus na hOifigí atá leithroinnte ar an nGrúpa sin a bhainistiú.

Tá foireann tacaíochta shaintiomanta chléireach ag gach Grúpa, atá eolach ar ghnó an Ghrúpa.

Tá mionsonraí na nGrúpaí agus réimsí a bhfreagrachtaí leagtha amach in Iarscríbhinn 2.

3.3 Seirbhísí Tacaíochta agus Riaracháin in Oifig an Ard-Aighne Sráid Mhuirfean

Is é an Ceann Riaracháin (Príomhoifigeach) atá i mbun Rannán na hOifige lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

[6] Athraítear freagrachtaí na nGrupaí ó an go h-an

- Aonad Leabharlainne agus Fios Gnó
- Aonad TE
- Clárlann
- Aonad Airgeadais
- Aonad Acmhainní Daonna
- Aonad Iniúchta Inmheánaigh (comhroinnte leis an CSSO)
- Aonad Bhainistíocht Athraithe (comhroinnte leis an CSSO)
- Aonad Seirbhísí
- Oifig Phríobháideach an Ard-Aighne
- Oifig Phríobháideach an Ard-Stiúrthóra
- Oifig Phríobháideach an Phríomh-Dhréachtóir Parlaiminte

Tá miondealú níos mionsonraithe ar eagrú Riarachán Oifig an Ard-Aighne in iarscríbhinn 4.

3.4. Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Tá Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ina chomhpháirt d'Oifig an Ard-Aighne agus is í an príomhsholáthraí seirbhísí aturnae don Ard-Aighne agus do gach Roinn agus Oifig an Rialtais. Cuireann an Oifig seirbhísí aturnae ar fáil freisin do Ghníomhaireachtaí Stáit airithe eile agus do Bhinsí Fiosrúcháin.

3.4.1 Obair

Tá réimse na hoibre a dtugann Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit faoi an-leathan agus áirítear na nithe ae a leanas leis:

- tíolacadh a dhéanamh ar mhaoin Stáit lena n-airítear déileáil le cúrsaí maoine eile agus cúrsaí tiarna talún agus tionólta.
- comhairle dlí a chur ar fáil ar shaincheisteanna éagsúla a chuireann Ranna agus Oifigí Rialtais isteach agus doiciméid dhlíthiúla riachtanacha a ghabhann leis a dhréachtú lena náirítear conarthaí tráchtála.
- seirbhís Aturnae a sholáthar i ngach cúirt shibhialta ina mbíonn baint ag an Stát, ag aon Údarás Stáit nó ag an Ard-Aighne léi.
- ionchúisimh a thionscnaíonn Airí nó Ranna Stáit a ullmhú agus a chur i láthair.
- seirbhís Aturnae i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla a sholáthar don Gharda Síochána.
- feidhmiú mar Ghníomhaire an Rialtais os comhair na Cúirte Breithiúnais Eorpaí.

- feidhmiú ar son an Stáit i bhfiosrúcháin faoi Achtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) 1921 – 2004 agus foireann dlí a sholáthar le feidhmiú ar son na mBinsí Fiosrúcháin, leas an phobail agus Údarás Stáit cuí eile.
- comhairle a thabhairt do pháirtithe Stáit agus ionadaíocht a dhéanamh ar a son i gcúrsaí tearmainn, dídeanaithe agus imirce.
- feidhmiú ar son an Stáit in imeachtaí Eiseachadta, i mBarántais Gabhála Eorpacha, in Iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach, in Ionchoisní, in Iarratais ar Mhaoin Póilíní, agus i gcásanna a bhaineann le hAistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreithe orthu.
- feidhmeanna a chur i bhfeidhm faoi Rialachán Comhairle (C.E.) Uimh 1348/2000 29 Bealtaine 2008 agus Coinbhinsiún na Háige, 1965, maidir le seirbheáil cáipéisí Breithiúnacha agus Seachbhreithiúnacha thar lear i gcúrsaí sibhialtacha nó tráchtála.
- ionadaíocht ar son an Stáit agus údaráis an Stáit maidir le cánachas na gcostas os comhair na Maistrí Cánachas agus ar achomharc ina leith.

3.4.2 Struchtúr

Tá an oifig eagraithe ina cúig Rannán dlí[7] agus Rannán riaracháin amháin. Eagraítear gach rannán ina gcodanna (nó, i gcásanna éagsúla, foirne) ar bhonn cosúlachta oibre nó cliaint.

Tá tuilleadh sonraí ar Sheirbhís Aturnae an Stáit ar fáil i bhFoscríbhinn 3.

3.4.3 Ionchúiseamh Coireanna

Soláthraíonn an Rannán Aturnae de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí an tseirbhís aturnae chun coireanna a ionchúiseamh. Coimeádann an tArd-Aighne feidhmeanna áirithe maidir le ionchúisimh áirithe, m.sh. tá a thoil riachtanach chun ionchúiseamh a dhéanamh faoi an Acht um Rúin Oifigiúla. I gcás ionchúiseamh ina gcoimeádann an tArd-Aighne feidhm agus ina dtagann aníos lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, sholáthair Seirbhís Aturnae an Stáit áitiúil an tseirbhís aturnae go dtí deireadh Dheireadh Fómhair 2008. Ina dhiaidh seo rinne Oifig Phríomh- Aturnae an Stáit bainistíocht ar an obair seo. Aistríodh freagracht as soláthar agus bainistíocht Seirbhísí Aturnae an Stáit áitiúla chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí Bealtaine 2007.

3.5 Riarachán & Seirbhísí Tacaíochta ag Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Is é an Ceann Riaracháin (Príomhoifigeach) atá i mbun Rannán na hOifige lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Aonad Leabharlainne agus Fios Gnó
- Aonad TE

- Taifid & Clárlann
- Aonad Airgeadais
- Rannóg Acmhainní Daonna
- Aonad Doiciméadúcháin & Seirbhísí
- Aonad Oiliúna agus Forbartha
- Oifig Phríobháideach Phríomh-Aturnae an Stáit

Tá an tAonad Iniúchta Inmheánaigh agus an tAonad Bhainistíocht Athraithe comhroinnte le hOifig an Ard-Aighne.

Tá tuilleadh mionsonraí ar eagrú Riarachán CSSO i bhfoscríbhinn 5.

3.6 Seachadadh Seirbhíse

3.6.1 Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean

Is brainse feidhmiúcháin an Rialtais iad Cliaint ag Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean, is é sin le rá, an Rialtas ina iomláine, a bhaill aonair agus na Ranna faoina gceannas.

Mar gheall ar fhoirceadal de dheighilt na gcumhachtaí, tá sé tábhachtach le rá nach dtugann an tArd-Aighne comhairle dlí do bhrainsí eile an Rialtais, is é sin an tUachtarán agus na brainsí reachtaíochta agus breithiúnacha Ní thugann an tArd-Aighne comhairle dlí d'aon bhaill an phobail ach oiread.

3.6.2 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Soláthraíonn an Oifig seirbhísí aturnae don Ard-Aighne, do Ranna agus Oifigí an Rialtais. Is iad príomhchliaint na hOifige-

- Gach Roinn an Rialtais, lena n-áirítear an Stát, an Rialtas, Airí an Stáit agus a gcuid Ranna
- An Garda Síochána.

[7] Athraítear freagrachtaían Rannán ó an go h-an

3.7 Faisnéis atá ar Fáil

3.7.1 Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean

Tá tuilleadh faisnéise a bhaineann le hOifig an Ard-Aighne ina *Ráiteas Straitéise, Treoir Seirbhísí do Chliaint, Cairt Cliant agus Custaiméirí,* ina Plean Gníomhaíochta agus Tuairiscí ar Dhul chun chinn ar chomhlíonadh *Dul Chun Cinn a Choinneáil agus I dTreo 2016* agus ina Tuarascáil Bhliantúil. Tá cóipeanna na bhfoilseachán thuasluaite ar fáil ó Oifig an Ard-Aighne, Tithe an Rialtais, Sráid Mhuirfean Uachtar, Baile Átha Cliath 2, trí ghlaoch ar 01-6616944/6314000 nó is féidir rochtain a fhail orthu ar ár láithreán gréasáin http://www.attorneygeneral.ie/.

3.7.2 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Tá tuilleadh faisnéise a bhaineann le hOifig Phríomh-Aturnae an Stáit ina *Ráiteas Straitéise, Plean Gníomhaíochta na gCustaiméirí,* i *g*Cairteacha Cliant agus Custaiméirí, i bPlean Gníomhaíochta agus Tuairiscí ar Dhul chun chinn ar chomhlíonadh *Dul Chun Cinn a Choinneáil agus i dtreo 2016* agus sa Tuarascáil Bhliantúil. Tá cóipeanna na bhfoilseachán thuasluaite ar fáil ó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, Teach Osmond, Tithe an Rialtais, Sráid Bheag na gCaorach, Baile Átha Cliath 8, trí ghlaoch ar 01-4176100 nó is féidir rochtain a fháil orthu ar ár láithreán gréasáin http://www.csso.ie

4. CEANGLAIS ALT 16

Section 16 (1) Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997:

> "*Cuirfidh comhlacht poiblí faoi deara leabhar tagartha ina mbeidh na nithe seo a leanas a ullmhú agus a fhoilsiú agus a chur ar fáil…*
>
> *(a) na rialacha, na nósanna imeachta, na cleachtais, na treoirlínte agus na léirithe a úsáideann an comhlacht, agus innéacs d'aon fhasaigh a choimeádann an comhlacht, chun críocha breitheanna, cinntí nó moltaí faoi réim nó chun críocha aon achtacháin nó scéime a riarann an comhlacht maidir le cearta, pribhléidí, sochair, oibleagáidí, píonóis nó smachtbhannaí eile a bhfuil nó a bhféadfadh sé go mbeidh daoine den phobal ina dteideal nó faoina réir faoin achtachán nó faoin scéim,*
> *agus*
> (b) *faisnéis chuí i ndáil leis an modh nó an modh beartaithe ar a riarfar aon achtachán nó scéim den sórt sin.*"

Is iad (a) na ceanglais riaracháin agus nósanna imeachta nach mór a chomhlíonadh chun go mbeadh an tArd-Aighne in ann cinneadh a dhéanamh lena thoil a bhronnadh ar bhunú caingne insteora agus (b) Scéim an Ard-Aighne, is iad seo na hachtacháin ábharthachta nó scéimeanna amháin a riarann an Oifig nó faoina dtugann an Oifig cúnamh maidir lena riarachán beartaithe. Tá sonraí maidir leis an dá scéim seo ar fáil ar http://www.attorneygeneral.ie/.

5. ROCHTAIN AR FHAISNÉIS LAISTIGH DEN OIFIG

5.1 Iarratais faoi na Achtanna um Shaoráil Faisnéise

Faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, tá duine ar bith i dteideal iarratas a dhéanamh ar rochtain ar fhaisnéis nach bhfuil fáil ag an bpobal i gcoitinne uirthi ar shlí eile. De réir mar a luadh sa Réamhrá, de bhun fhorálacha alt 46 (1) (b) den Acht um Shaoráil Faisnéise 1997, níl feidhm ag na hAchtanna maidir le taifead a shealbhaíonn nó a chruthaíonn an tArd-Aighne nó Oifig an Ard-Aighne (seachas taifead a bhaineann le riarachán ginearálta Oifig an Ard-Aighne). Dá bhrí sin, níl feidhm ag na hAchtanna, ach maidir le taifid a bhaineann le riarachán ginearálta Oifig an Ard-Aighne. Faoi réir na díolúine seo agus srianta atá mar chuid de na hAchtanna agus a chuireann na hAchtanna i bhfeidhm, go háirithe Cuid III, tá ceart ag gach duine chun:

- rochtain a fháil ar thaifid a shealbhaíonn an Oifig,
- ceartú ar fhaisnéis phearsanta a bhaineann leis an duine féin a shealbhaíonn an Oifig i gcás ina bhfuil sé míchruinn, neamhiomlán nó míthreorach, agus
- rochtain ar chúiseanna ar chinntí a dhéanann an Oifig a imríonn tionchar díreach ar an duine féin.

Faoi réir na ndíolúintí agus srianta sin, tagann na taifid seo a leanas faoi scóip na nAchtanna:

- na taifid go léir a bhaineann le faisnéis phearsanta a shealbhaíonn an Oifig, is cuma cathain a cruthaíodh iad,
- na taifid go léir eile a cruthaíodh ón dáta tosaithe, .i. 21 Aibreán 1998, agus
- aon taifid eile a bhfuil gá leo maidir le taifead reatha a thuiscint.

Tá oibleagáid ar an Oifig chun freagairt a thabhairt ar an iarratas laistigh de cheithre seachtaine.

Ba chóir iarratais ar fhaisnéis faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise maidir le hOifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean, a chur chuig:

Mr. Pádraig McMahon Oifig an Ard-Aighne
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtar
Baile Átha Cliath 2
Fón: 01-6616944 / 6314000
Facs: 01-6761806
R-phost: padraig_mcmahon@ag.irlgov.ie

Ba chóir iarratais ar fhaisnéis faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise maidir le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit a chur chuig:

Mr. Gearóid Browne
Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit
Teach Osmond
Sráid Bheag na gCaorach,
Baile Átha Cliath 8
Fón: 01-4175144
Facs: 01-4176299
R-phost: gearoid_browne@csso.gov.ie

Ba chóir go mbeadh iarratais i scríbhinn agus ba chóir go gcuirfeadh sé in iúl go lorgaítear an fhaisnéis faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Má theastaíonn go mbeidh an fhaisnéis i bhfoirm faoi leith i.e. fótachóip, diosca ríomhaire, srl., ba chóir é seo a lua i d'iarratas chomh maith. Tabhair an méid mionsonraí is féidir d'fhonn cur ar chumas fhoireann na hOifige chun an taifead a aithint. Má bhíonn deacracht agat maidir leis na taifid chruinne atá á lorg agat a aithint, beidh **Emma O'Reilly, Uasal, ó Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuifean**, nó **An tUasal Gearóid Browne ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**, de réir mar is cuí, sásta cabhair a thabhairt duit ó thaobh d'iarratas a ullmhú.

5.2 Cearta Athbhreithnithe agus Achomhairc

De réir mar a leagtar amach in 5.1 thuas, níl feidhm ag na hAchtanna maidir leis na taifid mura mbaineann siad le riarachán ginearálta na hOifige. I gcás ina mbaineann taifead le

riarachán ginearálta na hOifige, féadtar cinneadh chun faisnéis a choimeád siar a achomharc.
Leagann na hAchtanna amach sraith díolúintí chomh maith chun faisnéis íogair a chosaint, i gcás ina bhféadfadh nochtadh na faisnéise sin dochar a dhéanamh do phríomhleasanna an Stáit nó tríú páirtithe. I gcás nach mbaineann taifead le riarachán ginearálta na hOifige, ach go ndéanann an Oifig na forálacha seo a agairt chun faisnéis a choimeád siar, féadtar an cinneadh sin a achomharc chomh maith.

D'fhéadfadh cinntí maidir le hiarchur rochtana, muirear nó foirmeacha rochtana a bheith faoi réir achomhairc chomh maith.

Leagtar amach mionsonraí na sásraí achomharc thíos.

5.3 Athbhreithniú Inmheánach

I gcás

(a) nach bhfuil tú sásta leis an bhfreagairt tosaigh a fhaightear .i. diúltú faisnéise, foirm rochtana nó muirir,

nó

(b) nach bhfuil freagra faighte agat laistigh de cheithre seachtaine ó d'iarratas tosaigh (meastar gur diúltú ar do iarratas é seo agus go bhfuil tú i dteideal dul ar aghaidh chuig athbhreithniú inmhéanach),

Is féidir leat athbhreithniú inmheánach ar an chéad chinneadh a iarraidh, rud a dhéanfaidh oifigeach ag leibhéal níos airde é. Ní mór a leithéid d'athbhreithniú inmheánach seo a iarraidh taobh istigh de cheithre sheachtain ón chéad chinneadh agus íocaíocht táille a chur leis, de réir mar is cuí (féach alt 6 thíos).

Ní mór iarratais ar athbhreithniú inmheánach in Oifig an Ard-Aighne a chur isteach chuig:

Mr. Padraig McMahon
Oifig an Ard-Aighne
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtar
Baile Átha Cliath 2
Fón: 01-6616944 / 6314066

Facs: **01-6612389**
R-phost: **Padraig_McMahon@ag.irlgov.ie**

Ní mór iarratais ar athbhreithniú inmheánach in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit a chur isteach chuig:

Mr Michael Fallon
Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit
Teach Osmond
Sráid Bheag na gCaorach,
Baile Átha Cliath 8
Fón: **01-4176102**
Facs: **01-4176299**
R-phost: **michael_fallon@csso.gov.ie**

Ní mór don Oifig an t-athbhreithniú a chur i gcrích laistigh de thrí sheachtain. Sainmhínítear seachtain sna hAchtanna cúig lá oibre i mbéal a chéile seachas Dé Sathairn, Dé Domhnaigh agus laethanta saoire poiblí. Cuirfear na torthaí in iúl duit. De ghnáth, ní mór athbhreithniú inmheánach a chur i gcrích roimh achomharc a dhéanamh don Choimisinéir Faisnéise.

5.4 Athbhreithniú leis an gCoimisinéir Faisnéise

Mura bhfuil tú sásta le torthaí an athbhreithnithe inmheánaigh, , féadfaidh tú athbhreithniú neamhspleách a lorg ar chinneadh an Choimisinéara Faisnéise. Ina theannta sin, mura bhfuil freagra faighte agat ar d'iarratas ar athbhreithniú inmheánach laistigh de thrí seachtaine, measfar gur diúltú é sin agus féadfaidh tú an t-ábhar a achomharc chuig an gCoimisinéir.

Féadtar achomharc i scríbhinn a dhéanamh go díreach chuig an gCoimisinéir Faisnéise ag an seoladh seo a leanas:

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
18 Sráid Líosain Íochtarach
Baile Átha Cliath 2.
Íosghao: **1890 223030**
Teileafón: **01-6785222**
Facs: **01-6610570**
Ríomhphost: **foi@ombudsman.irlgov.ie**
Láithreán gréasáin: **www.irlgov.ie/oic/**

6. TÁILLÍ

Tá dhá chineál táillí iníoctha faoi na hAchtanna, mar atá:

(1) Táillí a ghabhann le hiarratas ar thaifead nó ar athbhreithniú ar chinneadh, a ghearrtar mar a leanas:

- Ní mór táille €15 a chur isteach le hiarratas ar thaifid seachas taifid a bhfuil faisnéis phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir iontu. Baintear táille laghdaithe €10 lena leithid d'iarratas má tá cárta liachta agat. Ní ghearrfar táillí má bhaineann an t-iarratas ar fhaisnéis phearsanta leis an iarratasóir féin.

- Ní mór táille €85 a ghabháil le mórchuid d'iarratais ar athbhreithniú inmheánach ar chinneadh a rinne comhlacht poiblí. Baintear táille laghdaithe €25 má tá cárta liachta agat. Ní ghearrfar táille ar iarratais ar athbhreithnithe inmheánacha a bhaineann le faisnéis phearsanta fút féin nó maidir le cinneadh chun táille nó éarlais a ghearradh.

- Ní mór táille €150 a ghabháil le mórchuid d'iarratais ar athbhreithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise. Bainfear táille laghdaithe €50 má tá cárta liachta agat nó maidir le hathbhreithniú a bhaineann le faisnéis tríú páirtithe ar leith. Ní ghearrfar táille ar iarratais ar athbhreithnithe inmheánacha a bhaineann le faisnéis phearsanta faoin iarratasóir féin amháin nó maidir le cinneadh chun táillí nó éarlaisí a ghearradh.

(2) Costais chun na taifid a eisíodh a chuardach agus a aisghabháil agus a chóipeáil, ar féidir táillí/ éarlaisí a ghearradh orthu mar seo a leanas:

- maidir le taifid phearsanta, ní ghearrfar táillí maidir le costas chun na taifid a chóipeáil, ach amháin go mbíonn líon mór taifead i gceist.

- maidir le faisnéis (neamhphearsanta) eile, is féidir táillí a ghearradh ar an mhéid ama a caitheadh chun na taifid a aimsiú agus a chóipeáil go héifeachta agus é bunaithe ar ghnáthráta in aghaidh na huaire. Ní gearrfar táille ar bith eile ar mhéid ama a chaitheann comhlachtaí poiblí lena n-iarrachtaí a mheas.

I gcás ar féidir leis an táille iomlán bheith os cionn €50.79 féadtar éarlais a bheith iníoctha. Sna cásanna seo, cuideoidh an Oifig, má iarrtar uirthi, le ball an phobail chun an iarraidh a athrú chun méid na héarlaise a laghdú nó a chealú.

Ní mór íocaíocht a dhéanamh le dréacht bainc, ordú airgid poist, nó le seic pearsanta iníoctha don Chuntasóir Proifisiúnta, Oifig an Ard-Aighne, nó don Chuntasóir, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Más táille iarratais laghdaithe i gceist, ní mór uimhir chláraithe an Charta Liachta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a d'eisigh agus do thoil chun na sonraí seo a dheimhniú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ní mór iad a ghabháil leis an iarratas.

Féadfar muirir a tharscaoileadh sna coinníollacha seo a leanas:

- i gcás go sáródh an costas chun an táille a bhailiú agus a chur chun cuntas suim na táille;

- i gcás ina mbeadh an fhaisnéis mar chúnamh ar leith chun saincheist lena mbaineann tábhacht náisiúnta a thuiscint; nó

- i gcás faisnéise pearsanta, nuair nach mbeadh muirir den sórt sin réasúnta, ag féachaint d'acmhainní an iarrthóra.

7. CINEÁLACHA TAIFEAD ATÁ I SEILBH na hOIFIGE

Forálann Alt 46 (1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 nach mbaineann an tAcht le taifid i seilbh an Ard-Aighne nó Oifig an Ard-Aighne nó cruthaithe acu a chuimsíonn Oifig Phríomh Aturnae an Stáit (seachas taifead a bhaineann le gnáthriarachán na hOifige).

Ciallaíonn sé seo go mbíonn rochtain ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 mar a bhaineann sé leis an Oifig sin, teoranta do riarachán ginearálta na hOifige sin agus ní le taifid a bhaineann , mar shampla, le cúnamh dlí nó le hobair dlíthíochta ar leith.

Taifid a bhaineann le riarachán ginearálta Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, áiríonn siad na taifid maidir leis na nithe seo a leanas:

Acmhainní Daonna, Cúrsaí pá, Earcaíocht, Cuntais, Teicneolaíocht na Faisnéise, Cóiríocht, Riarachán Inmheánach, riarachán ginearálta Scéim an Ard-Aighne (seachas aon chás faoi mar atá díolmhaithe), riarachán ginearálta na n-iarratas ó bhaill an phobail do Scéim Insteora an Ard-Aighne (seachas aon chás faoi mar atá díolmhaithe), Nósanna Imeachta na hOifige, Conartha/Tairiscintí, eagrú cúrsaí oiliúna, srl.

Foscríbhinn 1 -

GRÚPAÍ na n-ABHCÓIDÍ COMHAIRLEACHA

Athraítear freagrachtaí na nGrupaí ó an go h-an

Tá freagracht ar **Ghrúpa A** sna réimsí dlí coiriúil, an Garda Síochána, príosúin, feidhmeanna dlí coiriúil an Ard-Aighne, sócmhainní coiriúla, tascradh pacáistí telecom agus postais, comhoibriú Idirnáisiúnta ar ábhair choiriúla, bearta ceartais choiriúil AE – Teideal VI, na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, saincheisteanna Thuaidh/Theas/Angla-Éireannacha, ceadúnú deochanna meisciúla, cúnamh dlí, dlí toghcháin, an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, dlí toghcháin..

Is éard atá sa ghrúpa, an Bainisteoir Grúpa agus seisear Abhcóidí Comhairleacha eile.

Tá freagracht ar **Ghrúpa B** sna réimsí dlí idirnáisiúnta príobháideach, corrthrádáil agus trádáil ócaideach, staitisticí, Ionstraimí Reachtúla, díobháil phearsanta, tobac, sláinte, fuil, mí-úsáid leanaí, uchtú, ginmhilleadh, atáirgeadh daonna cuidithe, oideachas, dlí teaghlaigh, cúnamh dlí sibhialta, cinsireacht, aturnaetha/abhcóidí, an tAcht um Ionchúiseamh i gCionta 1974, sláinte agus sábháilteacht, dlí comhshaoil, talmhaíocht agus dobharshaothrú, imeall trá, iascaigh, núicléach agus Achtanna um Pleanáil.

Tá an grúpa comhdhéanta de Bhainisteoir an Ghrúpa agus 5 Abhcóide Comhairleach eile.

Tá freagracht ar **Ghrúpa C** as réimsí a bhaineann le tearmann, inimirce agus saoránacht.

Tá an grúpa comhdhéanta de Bhainisteoir an Ghrúpa agus 1 Abhcóide Comhairleach eile.

Tá freagracht ar **Grúpa D** as na réimsí a bhaineann le dlí trádála idirnáisiúnta, teileachumarsáid, Bonneagar náisiúnta, Plean Forbartha Náisiúnta/Comhpháirtíochtaí Poiblí-Príobháideacha, dlí ioncaim, caiteachas leithreasaithe agus poiblí, seirbhísí airgeadais, árachais, dlí cuideachta, féimheacht/dócmhainneacht/leachtú, cumaisc agus monaplachtaí, Gaeltacht, cosaint, méadreolaíocht, mianadóireacht, cairéalú, peitriliam, r-thráchtáil, comhlachtaí Leathstáit, údaráis Stáit eile, Taiscéalaíocht ar Ghrinneall Farraige, Scairbh Ilchríochach, an tAcht Maoine Stáit, maoin, gníomhaíochtaí insteora, probháid, comharbas, carthanais, agus eastáit eiséataithe, clárú talún, tiarna talún agus tionónta, dlí sibhialta, cróinéirí, an Ghaeilge, an cultúr, cúnaimh agus deontais stáit agus dlí iomaíochta.

Tá an grúpa comhdhéanta de Bhainisteoir an Ghrúpa agus 6 Abhcóide Comhairleach eile.

Tá freagracht ar **Ghrúpa E** as na réimsí a bhaineann le Maoin Intleachtúil, Dlí Idirnáisiúnta Poiblí, an tAcht um Rúin Oifigiúla, an tAcht um Chosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise, Dlí na Farraige, dlí loingseoireachta, cuanta, seirbhís gardachósta na hÉireann, coimisinéirí Soilse na hÉireann, muiríní, iompar aeir, conarthaí agus soláthair an Rialtais, eadráin, turasóireacht, cosaint tomhaltóirí, dlí leasa shóisialaigh, an tseirbhís phoiblí, an tOireachtas, Airí agus Rúnaithe, pá, liúntais agus pinsin na n-Airí, eitic, dlí saothair, leictreachas, gás, dlí poist, iompar bóthair agus busanna agus iompar iarnród.

Tá an grúpa comhdhéanta de Bhainisteoir an Ghrúpa agus 7 Abhcóide Comhairleach eile.

Tá an Leas-Ardstiúrthóir freagrach as na réimsí a bhaineann le Clúmhilleadh/dlí príobháideachta , Achtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise), Binse Morris, costais, ionchúisimh iascaigh, saincheisteanna Institiúideacha an AE, córas breithiúnach CE, saincheisteanna cothrománacha, agus obair na hAbhcóide Dlí don Ionadaíocht Bhuan don Aontas Eorpach sa Bhruiséil.

Foscríbhinn 2 -

GRÚPAÍ DRÉACHTÓIRÍ PARLAIMINTE

Athraítear freagrachtaí na nGrupaí ó an go h-an

Tá freagracht ar **Ghrúpa 1** as reachtaíocht a dhréachtú do na Ranna agus na hOifigí seo a leanas -

- Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia
- Airgeadas (lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim)
- Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha
- Iompar
- Taoiseach

Is eard atá sa ghrúpa an Bainisteoir Grúpa ag leibhéal Ard-Rúnaí, cúigear Dréachtóirí Parlaiminte eile agus dréachtóir conartha amháin.

Tá freagracht ar Ghrúpa 2 as reachtaíocht a dhréachtú do na Ranna seo a leanas -

- Cosaint
- Oideachas agus Eolaíocht
- Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht
- Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
- Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Is eard atá sa ghrúpa an Bainisteoir Grúpa ag leibhéal Rúnaí Cúnta, ceithre Abhcóidí Parlaiminte eile agus beirt dréachtóirí conartha.

Tá freagracht ar **Ghrúpa 3** as reachtaíocht a dhréachtú do na Ranna seo a leanas -

- Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

- Gnóthaí Eachtracha
- Sláinte agus Leanaí
- Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí
- Ealaíona, Spórt agus Turasóireacht

Is eard atá sa ghrúpa an Bainisteoir Grúpa ag leibhéal Ard-Rúnaí. Tá Ceann Riaracháin i gceannas ar an Rannán seo agus tá na rannóga seo a leanas mar chuid de, cúigear Dréachtóirí Parlaiminte agus dréachtóir conartha amháin.

Foscríbhinn 3 -

OIFIG PHRÍOMH-ATURNAE AN STÁIT
EAGRÚ AGUS RANNÁIN

Eagrú

Tá an Oifig comhdhéanta de chúig Rannán Dlí agus Rannán Riaracháin. Eagraítear na Rannáin seo arís i Rannóga agus in Aonaid chun riachtanais oibre na gcliant a chur san áireamh.

Tá an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) comhdhéanta de Phríomh-Aturnae an Stáit agus sé Chinn Rannáin agus tá freagracht iomlán air as bainistíocht OPAS agus as forbairt agus cur i bhfeidhm straitéise trí chur chuige comhairleach i gcomhpháirtíocht leis an bhfoireann uile.

Rannáin
Athraítear freagrachtaí na nGrupaí ó an go h-an

Rannáin

Rannán Comhairleach

Tá an Rannán Chomhairleach comhdhéanta de thrí rannóg, an Rannóg Chomhairleach Ghinearálta, Rannóg Dlíthíochta an Stáit agus na hEorpa agus Rannóg na gConarthaí Tráchtála.

An Rannóg Chomhairleach Ghinearálta

Tá freagracht ar an Rannóg seo as cúrsaí comhairleacha ginearálta, lena n-áirítear tionscnamh dlíthíochta Gearánaí thar ceann an Stáit, follasú tríú páirtí, cúnamh frithpháirteach, imeachtaí dlí cuideachta, eadráin, ceisteanna uchtaithe, ceisteanna cláraithe sibhialta, ceisteanna cúnaimh Garda Síochána, cúnamh a thabhairt do Sheirbhísí Phríosúin na hÉireann, taiscéalaíocht agus forbairt mianadóireachta agus peitriliam, ionchúisimh fiadhúlra, ionchúisimh ghnáthóige, obair chonartha agus rialaitheach, bailiú fiach lena n-áirítear aisghabháil ró-íocaíochtaí phinsean an Stáit agus neamh-íocaíocht táillí um stóráil feithiclí, deontais agus íocaíochtaí REPS, aisghabháil agus forfheidhmiú cinntí an Ombudsman chomh maith le déileáil le ceisteanna oibre agus costais os comhair na mBinsí.

Rannóg Dlíthíochta an Stáit agus na hEorpa

Déileálann an Rannóg seo le cásanna os comhair na Cúirte Breithiúnais Eorpaigh agus na Cúirte Chéidchéime Láimhsíonn sé imeachtaí dlí os comhair na Cúirte Breithiúnais Eorpaigh (CBE), imeachtaí a thionscnaíonn An Coimisiún Eorpach chomh maith le cásanna a ndéanann Éire idirghabháil orthu a bhaineann le ball eile an Stáit.
Déileálann an Rannóg le hobair fostaíochta freisin agus déanann sí ionadaíocht ar son Ranna agus Oifigí Rialtais ag éisteachtaí os comhair na gCoimisinéirí um Chearta, na Cúirte Oibreachais, na mBinsí Achomhairc Fhostaíochta agus an Stiúrthóra Imscrúdaithe Comhionannais. Ina theannta sin, soláthraíonn an Rannóg cúnamh maidir le saincheisteanna fostaíochta sa Stát Seirbhíse mar aon le láimhseáil iarratas athchóirithe cuideachtaí.

Rannóg na gConarthaí Tráchtála

Soláthraíonn an Rannóg seo cúnamh do Ranna agus Oifigí an Rialtais maidir le conarthaí tráchtála lena n-áirítear saincheisteanna soláthair, idirbheartaíochtaí conarthachta agus dréachtú. Láimhsíonn sé obair chonarthach i réimsí maith ábhar lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise, maoine intleachtúil, fostaíocht, pinsin, muirí, eitlíocht agus acmhainní nádúrtha.

Rannán Áitreabh an Stáit

Tá Rannán Áitreabh an Stáit comhdhéanta de thrí Rannóg, Oifig na nOibreacha Poiblí/Rannóg Sláinte agus Leanaí, An Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt agus An Rannóg Airgeadais, Oideachais, Ceartais agus Oidhreachta.

Oifig na nOibreacha Poiblí/Rannóg Sláinte agus Leanaí

Tá an Rannóg seo ag obair go príomha d'Oifig na nOibreacha Poiblí, agus obair eile á déanamh don Rionn Sláinte agus Leanaí. Is tíolacadh tráchtála is mó a bhíonn ar bun ag OOP lena n-áirítear léasú tráchtála do Ranna agus d'Oifigí an Rialtais agus fáil agus diúscairt maoine faoi Chláir éagsúla an Rialtais (m.sh. an Clár Díláraithe agus Clár um Aistriú Sócmhainní Stáit). Déanann an Rannóg seo obair oidhreachta don OOP agus láimhsíonn tarscaoileadh ar mhaoin cuideachtaí díscaoilte faoin Acht Maoine Stáit 1954 don Aire Airgeadais.

An Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt

Déileálann an Rannóg seo le saincheisteanna idirbheartaíochta agus comhairleacha i gcúrsaí maoine do Ranna an Rialtais mar seo a leanas - An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta; Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Iompair, Cosanta, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha; Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Is mar chuid den obair iad léasanna agus ceadúnais chladaigh, díolacháin agus léasanna áitreabh atá barrachas do cheanglais an lucht míleata agus cur i bhfeidhm na creatlaí dlí chun maoin a dhiúscairt don Tionscnamh Tithíochta Inacmhainne, Tá freagracht ar an Rannóg as obair dlí a bhaineann le Deontais an Chrannchuir Náisiúnta agus le Deontais Ealaíon faoin gclár ACCESS freisin.

An Rannóg Airgeadais, Oideachais, Ceartais agus Oidhreachta

Déileálann an Rannóg seo le gnéithe maoine de Scéim Slánaíochta Sásaimh na nInstitiúidí Cónaitheacha, le heastáit eiséataithe sa chás gurb é an Stát an chomharbacht díthiomnóra bhunúsach, léasanna scoile, ceannacháin shuíomh do scoileanna agus do phríosúin, léasanna tráchtála don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, éilimh ar chúiteamh faoi Alt 120 na n-Achtanna um Chlárú Teidil 1964 - 2006 agus fáil móinteáin agus móinchearta le caomhnú de réir Rialachán Eorpacha (Gnáthóga Nádúrtha) 1997.

Rannán Dlí Poiblí

Tá Rannán an Dlí Poiblí comhdhéanta de dhá Rannóg, An Rannóg Tráchtála agus Bunreachta agus Rannóg um Athbhreithniú Breithiúnach.

An Rannóg Tráchtála agus Bunreachta

Tá freagracht ar an Rannóg seo as cosaint a thabhairt do réimse leathan caingne sibhialta in aghaidh an Stáit agus in aghaidh Údarás an Stáit, agus le formhór na gcásanna sa Rannóg ag dul chuig éisteacht iomlánach. Áirítear sna saincheisteanna dlí a déileáiltear ná dlí tráchtála, bunreachta, conartha, fostaíochta, cearta daonna, árachais, idirnáisiúnta, comhshaoil, pleanála, toghcháin, sláinte poiblí, maoine intleachtúla, tithíochta, leasa shóisialaigh, dlí riaracháin agus Dlí an Aontais Eorpaigh.

Rannóg um Athbhreithniú Breithiúnach

Déanann an Rannóg seo ionadaíocht ar son an Stáit agus Údaráis Stáit in iarratais ar

athbhreithniú breithiúnach. Is éard is ciall le hAthbhreithniú Breithiúnach ná an próiseas ina bhfeidhmítear rialú breithiúnach ar ghníomh riaracháin agus ina gcleachtann an tArd-Chúirt dlínseacht thar na himeachtaí agus cinntí na gcúirteanna íochtaracha, binsí fiosrúcháin agus comhlachtaí eile a chuireann feidhmeanna leath-bhreithiúnacha i bhfeidhm nó atá freagrach as achtanna agus dualgais phoiblí a chomhlíonadh.

Tá freagracht ar an Rannóg seo freisin as iarratais habeas corpus, cásanna luaite, cásanna uchtaithe, litreacha iarratais ó bhinsí eachtracha agus as doiciméid a sheirbheáil faoi Rialachán Comhairle AE Uimh. 1348/2000 agus Coinbhinsiún na Háige, 1965, maidir le seirbheáil cáipéisí breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha thar lear i gcúrsaí sibhialtacha agus tráchtála.

An Rannán Tearmainn agus Seirbhísí Dlí

Tá An Rannán Tearmainn agus Seirbhísí Dlí comhdhéanta de dhá Rannóg mar atá an Rannóg Tearmainn agus Rannóg na Seirbhísí Dlí.

An Rannóg Tearmainn

Láimhseálann An Rannóg Tearmainn gach cás a bhaineann le tearmann, inimirce agus aisdúichiú thar ceann an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Oifig Choimisinéir na nIarratas do Dhídeanaithe, An Binse Achomhairc Dhídeanaithe agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce. Is obair dhlíthíoch den chuid is mó atá i gceist, a láimhseálann iarratais ar athbhreithnithe breithiúnacha (i gcomhair cead dul chun cinn agus éisteachtaí ábhartha araon) chomh maith le hiarratais habeas corpus sa réimse tearmainn agus bíonn gá le freastal laethúil os comhair na hArd-Chúirte agus os comhair na Cúirte Uachtaraí go pointe níos lú. Déileálann an Rannóg le hiarratais ón gCúirt Dúiche freisin, de bhun Acht na nDídeanaithe 1996 arna leasú.

Rannóg na Seirbhísí Dlí

Tá freagracht ar an Rannóg seo as cuntasaíocht costas dlí (lena n-áirítear billí costais a ghnóthú agus freastal ar chánachas na mbillí sin) agus chun costais dlí atá dlite don Stát a aisghabháil. Tá freagrach uirthi freisin as íocadh táillí na n-Abhcóidí agus gníomhaíonn don Choimisinéir Luachála in achomhairc a thagann os comhair an Bhinse Luachála. Tá baint aici freisin le hullmhú na n-Ionchúiseamh Aireacht. Bíonn Ceannaire na Rannóige ina chathaoirleach ar Choiste a dhéanann maoirseacht ar scéim oiliúna dlí

d'fhoireann chléireach san Oifig.

Rannán Ceartais agus an Dlí Coitinn

Tá Rannán Ceartais agus an Dlí Coitinn comhdhéanta de thrí Rannóg, mar atá an Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta, Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta agus Rannóg na nÉileamh Tortach.

An Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta

Déileálann an Rannóg seo le hImeachtaí Eiseachadta, le hiarratais ar Bharántais Ghabhála san Eoraip, iarratais maidir le daoine a aistriú faoi na hAchtanna um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu 1995 agus 1997, agus le hIarratais ar Mhaoin Póilíní. Bíonn an fhoireann sa Rannóg seo i mbun ionchúiseamh Aireachta sa chúirt freisin, déanann siad ionadaíocht ar son an Garda Síochána ag éisteacht Iarratais Cheadúnúcháin Deochanna Meisciúla agus soláthraíonn ionadaíocht ar son an Stáit ag Ionchoisní. Déanann Ceann na Rannóige bainistíocht ar an bpainéal foirne ar dualgas san Oifig, a lean ag soláthar seirbhíse lá agus oíche lasmuigh d'uaireanta oifige, i gcásanna Eiseachadta, Barántais Gabhála Eorpacha, habeas corpus agus saincheisteanna práinneacha eile.

Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta

Déileálann an Rannóg seo le héilimh in aghaidh an Garda Síochána. Láimhsíonn an Rannóg seo éilimh ar dhamáistí a théann as ionsaithe, gabhálacha éagóracha, príosúnú neamhdhleathach agus ionchúisimh mhailíseacha a bhaineann leis an nGarda Síochána. Déileálann sí freisin le héilimh faoi na hAchtanna um Garda Síochána (Cúiteamh) 1941 agus 1945, iarratais ar follasú neamhpháirtí a bhaineann leis an nGarda Síochána agus déanann ionadaíocht d'Údaráis Garda ag Coimisiúin Fhiosrúcháin.

Rannóg na n-Éileamh Tortach

Déileálann an Rannóg le cásanna bulaíochta agus ciaptha na Státseirbhíse, le héilimh ar dhamáistí do ghortú a fhulaingíonn duine de bhaill na bhFórsaí Cosanta, lasmuigh den Stát, nuair atáid i seirbhís an Stáit agus achomhairc chun na hArd-Chúirte ag daoine atá ionfhabhtaithe ag Heipitíteas C nó SEIF trí riaradh fola nó táirgí fola. Déileálann sí

freisin le dlíthíocht mí-úsáide leanaí a éiríonn as éilimh mhí-úsáide in Institiúidí Cónaitheacha agus i Scoileanna Lae.

Rannóg um Shócmhainní Coiriúla,

Soláthraíonn an Rannóg seo seirbhís aturnae i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Foscríbhinn 4 -

AONAID RIARACHÁN OIFIG AN ARD-AIGHNE

Tá an Rannán faoi cheannas Ceannaire Riaracháin ag grád Príomhoifigigh. Tá sé comhdhéanta d'Aonaid Ghnó mar seo a leanas:-

An **tAonad Acmhainní Daonna** (lena n-áirítear an tAonad Oiliúna agus Forbartha), atá faoi cheannas Príomhoifigigh agus cúigear san fhoireann aige Chomh le maith leis an bhfreagracht as feidhmeanna pearsanra, oiliúna agus forbartha laistigh den Oifig, déanann an tAonad maoirseacht ar chur i bhfeidhm Straitéis Acmhainní Daonna de chuid na hOifige. Pléitear beartais nó nósanna imeachta nua a thagann chun cinn as an straitéis ag cruinnithe an Choiste Chomhpháirtíochta.

Tá **an tAonad Teicneolaíocht Faisnéise**, faoi cheannas Príomhoifigigh Cúnta, atá comhdhéanta d'fhoireann naonúir. Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid TF ná le córais TF a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, de réir mar is cuí, le tacaíocht a thabhairt don Oifig lena cuid cuspóirí gnó a bhaint amach agus a choinneáil, leis na córais agus bonneagair seo a fhorbairt a thuilleadh de réir mar a athraíonn na riachtanais i gcaitheamh ama.

Tá **an tAonad Leabharlainne agus Fios Gnó** faoi cheannas Bhainisteoir Faisnéise Dlí agus atá comhdhéanta d'fhoireann a bhfuil ochtar ann. Cuidíonn an tAonad Leabharlainne agus Fios Gnó le seirbhísí dlí a sheachadadh don Stát trí leabharlann phroifisiúnta, acmhainní taighde agus fios gnó, agus seirbhísí a sholáthair. Is é is aidhm atá an Aonad ná seirbhe den chéad scoth a sholáthair agus freagairt go héifeachtach do riachtanais taighde Oifige dlí rialtais nua-aimseartha.

Soláthraíonn an tAonad riachtanais faisnéise de thart ar 143 d'fhoireann agus soláthraítear seirbhísí faisnéise don Abhcóide Comhairleach ar iasacht do Ranna agus Oifigí an Rialtais. Mar aon le rochtain a sholáthair ar bhailiúchán dlíthiúil suntasach i bhformaid chrua agus leictreonacha araon, déanann an tAonad bainistíocht ar sholáthar bhunachar sonraí fios gnó agus seachadadh faisnéis dlí/seirbhísí taighde, oiliúint scileanna faisnéise agus seirbhísí feasachta reatha d'fhoirne.

Tá a**n tAonad Airgeadais,** faoi cheannas Príomhoifigigh Cúnta, comhdhéanta d'fhoireann ochtair, agus tugann cuntasóir proifisiúnta saineolas mar thacaíocht dó. Tá freagracht air as próiseáil na n-íocaíochtaí

uile, seachas párolla, laistigh de Chóras Bainistíochta Airgeadais na hOifige, cothabháil na dtaifead airgeadais, agus ullmhú aisíocaí na Meastachán agus an Cuntas Leithreasaithe Bliantúil. Bíonn an tAonad i dteagmháil le Oifigeach na dTáillí in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit le cinntiú gur íoctar táillí ar bhonn reatha d'abhcóidí agus do dhlíodóirí atá ceaptha le feidhmiú ar threoracha an Ard-Aighne. Cuidíonn an tAonad leis an gCuntasóir Proifisiúnta, gur Bainisteoir Tionscadail Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta (MIF), leis an rolladh amach leanúnach laistigh Oifigí an tionscadail MIF.

Comhrionnann **an tAonad Iniúchta Inmheánaigh** Iniúchóir Inmheánach le Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.
Déanann Coiste Iniúchta a théann le chéile go reatha, déanann siad maoirseacht ar obair an Iniúchóra Inmheánaigh

Clárlann, a bhfuil foireann de dhuine dhéag inti, a láimhsíonn gach post isteach, agus cumarsáide leictreonach san áireamh, chuig an Oifig agus déanann cothabháil ar na comhaid uile san Oifig. Tá ról lárnach ag an Aonad as cur i bhfeidhm Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead na hOifige, agus scrúdaíonn agus aithníonn ábhar le haghaidh aistrithe chuig Oifig na Cartlanna Náisiúnta.

Tá **an tAonad Seirbhísí** comhdhéanta d'fhoireann a bhfuil ceathrar inti, agus déileálann le gach réimse a bhaineann le cothabháil agus fóirdheonú chóiríocht na hOifige, le fáil soláthair na hoifige, le socruithe slándála cuí a chinntiú, le cumarsáide teileafóin, le feidhmeanna a eagrú, le iarratais ar shaoráil faisnéise a chomhordú mar aon le Clárlann Sócmhainní na hOifige a choinneáil.

Tá trí **Oifig Phríobháideach** i Sráid Mhuirfean. Tá Rúnaí Phríobháideach, Cúntóir Speisialta, beirt Rúnaí Phearsanta agus Foireann Tacaíochta Chléireach amháin ag Oifig Phríobháideach an Ard-Aighne. Tá Rúnaí Phríobháideach agus beirt Fhoireann Tacaíochta Chléireach ag an Ard-Aighne agus soláthraíonn siad seirbhísí rúnaíochta don Leas-Ardstiúrthóir agus don Cheannaire Riaracháin. Tá Rúnaí Phríobháideach ag an bPríomh-Dhréachtóir Parlaiminte

Tá **an tAonad Bhainistíocht Athraithe** faoi cheannas Príomhoifigigh Cúnta, agus Oifigeach Feidhmiúcháin le cuidiú leis. Tá freagracht ar an Aonad as Clár Athruithe a chur i bhfeidhm a théann as tionscnaimh mar an Tionscnamh um Bainistíocht Straitéiseach (SMI)/Rialúchán Níos Fearr a Sheachadadh (DBG), Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 (PSMA), Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS), Tionscnamh Athbhreithnithe ar Bheartas um Luach ar Airgead (VFM/R) an Ghaeilge lena n-áirítear dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (OLA), Comhaontú Comhpháirtíochta srl. *I dtreo 2016* sna hOifigí (AGO agus CSSO). Áirítear sna tionscadail shonracha ná ullmhú Thuarascálacha Bliantúla na hOifige, Ráitis Straitéise, Treoracha ar Sheirbhísí do Chliaint AGO agus *Cairteacha Cliant agus Custaiméirí,* a chomhordú. Tá an tAonad lonnaithe san Oifig i Sráid Mhuirfean ach freastalaíonn sí ar Oifig

Phríomh-Aturnae an Stáit.

Foscríbhinn 5 -

AONAID RIARACHÁN OIFIG PHRÍOMH-ATURNAE AN STÁIT

Is eard atá sa ghrúpa an Bainisteoir Grúpa ag leibhéal Ard-Rúnaí. Tá Ceann Riaracháin i gceannas ar an Rannán seo agus tá na rannóga seo a leanas mar chuid de:

Rannóg na gCuntas

Tá an Rannóg seo freagrach as na híocaíochtaí go léir, seachas párolla agus líon beag íocaíochtaí a phróiseáiltear tríd an Rannóg Cuntasaíochta Costas. Tá sí freagrach chomh maith as cothabháil na dtaifead agus na gcuntas ábhartha agus as a chinntiú go bhfuil cleachtais éifeachtúla rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm. Ar bhonn gníomhaireachta, soláthraíonn Rannóg Cuntas na Roinne Airgeadais seirbhís párolla. Comhroinneann an Oifig iniúchóir inmheánach agus cuntasóir gairmiúil le hOifig an Ard-Aighne agus déanann sí cothabháil ar chlár iniúchóireachta inmheánaí agus Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí faoi chathaoirleach neamhspleách agus seachtrach.

Rannóg Acmhainní Daonna

Tá an Rannóg seo faoi cheannas Bhainisteoir Acmhainní Daonna. Tá freagracht uirthi as feidhmeanna traidisiúnta pearsanra mar aon le forbairt straitéise forásaí maidir le hacmhainní daonna agus cleachtas laistigh den Oifig. Ina theannta sin, tá freagracht uirthi as an Aonad Oiliúna agus Forbartha a eagraíonn cúrsaí oiliúna d'fhoireann CSSO, go háirithe oiliúint a d'aithin na foirne sna foirmeacha Oiliúna agus Forbartha faoi PMDS.

Aonad Teicneolaíocht Faisnéise (TF)

Tá Bainisteoir TF mar cheann ar an Rannóg. Áirítear ar na freagrachtaí bainistíocht, forbairt agus seirbhís na n-acmhainní TF go léir i dtéarmaí crua-earraí agus bogearraí agus tagairt ar leith á déanamh do na bunachair shonraí agus córais chumarsáide a thacaíonn le feidhmeanna seirbhíse dlí na hOifige. Comhlíonann an Rannóg ról ceannasach maidir le cur i bhfeidhm Straitéis TF na hOifige.

Aonad Leabharlainne & Fios Gnó

Is é is ról atá ag an Rannóg seo ná eolas agus faisnéis a thabhairt d'fhoirne atá riachtanach chun seirbhísí ardchaighdeánacha dlí a sholáthar. Déanann Leabharlannaí Dlí bainistíocht ar an Aonad, a bhfuil freagracht air as forbairt straitéiseach leabharlainne proifisiúnta, as acmhainní taighde agus fios gnó, agus as seirbhísí. Tá foireann de Leabharleannaí Cúnta agus oifigeach cléireach san Aonad freisin. Mar aon le bainistíocht a dhéanamh ar bhailiúcháin dlí chrua agus leictreonacha agus seirbhísí leabharlainne dlí traidisiúnta a sholáthair, láimhsíonn an tAonad líon mór fiosrúchán taighde dlí, soláthraíonn seirbhísí feasachta reatha, soláthraíonn cláir oiliúna scileanna faisnéise agus tugann tacaíocht do thionscnaimh oideachais na hOifige. Tá an tAonad Leabharlainne & Fios Gnó tiomanta go mór chun acmhainní bhainistíocht an eolais a fhorbairt san Oifig agus tá baint aige le tionscnaimh agus straitéisí bhainistíocht an eolais a chur i bhfeidhm. Tá páirt tábhachtach i dtionscadail bhainistíocht an eolais in AGO/CSSO ag foireann an Aonaid, trína mbaint le coistí Oifigí . Ní láimhsíonn an tAonad fiosrúcháin ó bhaill an phobail.

Oifig an Aonaid Seirbhísí

Tá an t-Aonad comhdhéanta de dhá fo-aonad, an tAonad Doiciméadúcháin agus an tAonad Seirbhísí. Soláthraíonn an tAonad Doiciméadúcháin na seirbhísí cóipeála agus ceangal uile ar scála mhór don Oifig faoi chaighdeáin feidhmíochta cháilíochta chomhaontaithe. Tá freagracht ar an Aonad Seirbhísí as soláthar seirbhísí tacaíochta eile d'fhoireann na hOifige a chinntiú lena n-airítear oscailt, scaipeadh agus bailiú post, slándáil, seirbhísí glantacháin, oibriú ardaitheoirí, fáiltiú, teileafóin, téamh, soilsiú agus pluiméireacht, sláinte agus sábháilteacht, ordú agus soláthair páipéarachais agus trealamh oifige, teachtairí agus tacsaí a chur in áirithe agus clár acmhainní fisiceacha san Oifig a choinneáil.

An tAonad Taifead & Clárlainne

Bunaíodh an tAonad seo mar chuid de chóras nua bainistíochta maidir le cásanna agus taifid. Is é is feidhm atá ag an Aonad seo ná bainistíocht a dhéanamh ar thaifid na hOifige i modh éifeachtach maidir le cleachtas is fearr sa réimse seo. Tá freagracht ar an Aonad as comhlíonadh a chinntiú leis

an Acht um Chartlann Náisiúnta , 1986 freisin. Ina theannta sin déanann an tAonad bainistíocht ar fhacsáil isteach agus amach.

Tá Iniúchóra Inmheánaigh agus Cuntasóir comhroinnte idir an Oifig agus Oifig an Ard-Aighne agus déanann clár iniúchta Inmheánaigh agus Coiste Iniúchta Inmheánaigh a chothabháil faoi chathaoirleach neamhspleách seachtrach.

Foscríbhinn 6 -

Oifig Shráid Mhuirfean




An Príomh-Aturnae Stáit
Rannóg na Sócmhainní Coiriúla
Leas-Chúntóir An Leas-
An Rannán Comhairleach
An Leas-Phríomhaturnae Stáit
An Rannóg Shainchomhairleach
Leas-Chúntóir An Príomh-
Cásanna um Dhlíthíocht Stáit agus na hEorpa
Leas-Chúntóir An Príomh-Aturnae Stáit
An Rannóg Chomhairleach Ghinearálta
Leas-Chúntóir An Príomh-
Rannóg na gConarthaí Tráchtála
An Príomh-Aturnae
An Rannán um Maoin Stáit
An Leas-Phríomhaturnae Stáit
An Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt
An Príomh-Aturnae
An Rannóg Airgeadais, Oideachais, Ceartais agus Oidhreachta Ardaturnae Stáit
An Rannóg um Oifig na nOibreacha Poiblí agus Sláinte agus Leanaí
Leas-Chúntóir
An Rannán Dlí Poiblí
An Leas-Phríomhaturnae Stáit
Rannóg Tráchtála agus Bunreachta
Leas-Chúntóir An Príomh-
Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha
An Príomh-Aturnae
An Rannán Tearmainn agus Seirbhísí Dlí
An Leas-Phríomhaturnae
An Rannóg Tearmainn
Leas-Chúntóir An Príomh-Aturnae Stáit
An Rannóg Seirbhísí Dli
An Príomh-Fheidhmeannach
An Rannán Ceartais agus Dlí Choitinn
An Leas-Phríomhaturnae
Rannóg na nÉileamh Tortach
An Príomh-Aturnae
An Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta
An Príomh-Aturnae
Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta
Leas-Chúntóir An Príomh-Aturnae
An Rannán Riaracháin
Ceann Riaracháin Príomhoifigeach
An tOifigeach Acmhainní Daonna
Príomhoifigeach Cúnta
Teicneolaíocht Faisnéise
Bainisteoir TF
Leabharlann agus Fios Gnó
Leabharlannaí Dlí
Aonad na gCuntas
Príomhfheidhme annach
Aonad Seribhísí Oifige
Príomhfheidhme
An tAonad Oiliúna agus Forbartha
Príomhfheidhme
Aonad na dTaifead agus Clárlainne Oifigeach Bainistíochta